Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 16 Lúnasa 2021**
**(OR. en)**

**11275/21**
**ADD 1**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2021/0272(NLE)**

**TRANS 502**
**COWEB 93**
**ELARG 45**

**TOGRA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 13 Lúnasa 2021 |
| chuig: | Jeppe TRANHOLM-MIKKELSEN, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2021) 479 final - Iarscríbhinn |
| Ábhar: | IARSCRÍBHINN a ghabhann leis an Togra le haghaidh Cinneadh ón gComhairle maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh i gCoiste Stiúrtha Réigiúnach an Chomhphobail Iompair a mhéid a bhaineann le buiséad an Chomhphobail Iompair le haghaidh 2022 a ghlacadh |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2021) 479 final - Iarscríbhinn.

---

Faoi iamh: COM(2021) 479 final - Iarscríbhinn

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 13.8.2021
COM(2021) 479 final

ANNEX

**IARSCRÍBHINN**

**a ghabhann leis an**

**Togra le haghaidh Cinneadh ón gComhairle**

**maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh i gCoiste Stiúrtha Réigiúnach an Chomhphobail Iompair a mhéid a bhaineann le buiséad an Chomhphobail Iompair le haghaidh 2022 a ghlacadh**

# <u>IARSCRÍBHINN</u>

DRÉACHT

**CINNEADH Uimh. /2021**
**Ó CHOISTE STIÚRTHA RÉIGIÚNACH AN CHOMHPHOBAIL IOMPAIR**

**an …**
**maidir le glacadh bhuiséad an Chomhphobail Iompair le haghaidh na bliana 2022**

TÁ COISTE STIÚRTHA RÉIGIÚNACH AN CHOMHPHOBAIL IOMPAIR,

Ag féachaint don Chonradh lena mbunaítear an Comhphobal Iompair, agus go háirithe Airteagail 24(1) agus 35 de,

TAR ÉIS A CHINNEADH MAR A LEANAS:

*Airteagal 1*

Glactar leis seo buiséad an Chomhphobail Iompair le haghaidh 2022 a ghabhann leis an gCinneadh seo.

*Airteagal 2*

(1) I gcomhréir le hAirteagal 10(1) de na rialacha airgeadais agus nósanna imeachta iniúchta is infheidhme maidir leis an gComhphobal Iompair, féadfar leithreasuithe de líne bhuiséid ar leith le haghaidh bhuiséad 2022 a úsáid chun críocha a bhaineann le líne bhuiséid eile, laistigh den teorainn iomlán 10 % de leithreasuithe na líne buiséid ar leith sin. Beidh feidhm aige sin maidir leis an líne bhuiséid a bhaineann le buiséad na n-acmhainní daonna.

(2) Maidir le leithreasuithe a thugtar ar aghaidh chun bheith comhfhreagrach le hoibleagáidí a síníodh ag deireadh 2021, mar a shonraítear sa bhuiséad a ghabhann leis seo, ní bheidh siad incháilithe le haghaidh na húsáide dá dtagraítear sa chéad mhír. Ní chuirfear san áireamh iad chun an t-uasmhéid a chomhfhreagraíonn don teorainn 10 % dá dtagraítear ann a chinneadh.

*Airteagal 3*

(1) Leithreasuithe nár gealladh faoi dheireadh na blianta airgeadais 2020 agus 2021, déanfar iad a chur ar ceal agus a íoc ar ais leis na Páirtithe i gcomhréir leis na céatadáin a leagtar síos in Iarscríbhinn V den Chonradh lena mbunaítear an Comhphobal Iompair agus na ranníocaíochtaí iarbhír a íocadh.

Arna dhéanamh i/sa..., an ... 2021.

*Thar ceann an Choiste Stiúrtha Réigiúnaigh*

*An tUachtarán*

BUISÉAD AN CHOMHPHOBAIL IOMPAIR DON BHLIAIN 2022

| Líne bhuiséid | Méid (EUR) |
|---|---|
| **1. Buanrúnaíocht** | |
| 1.1. Acmhainní Daonna | 1 504 868 |
| 1.2. Costais taistil | 156 910 |
| 1.3. Costais oifige, trealamh agus bogearraí | 481 300 |
| 1.4. Costais agus seirbhísí eile, lena n-áirítear na nithe seo a leanas:<br>- Seirbhísí seachfhoinsithe agus seirbhísí eile (Iniúchadh, Infheictheacht, Oiliúint Foirne, Muirir Bhainc)<br>- Costais Chruinnithe agus Chomhdhála<br>- Costais Theicneolaíocht Faisnéise agus Chumarsáide<br>- Costais Earcaíochta | 274 710 |
| 1.5. STAIDÉIR, Cúnamh Teicniúil chun tacú le Acquis agus Pleananna Gníomhaíochta an Aontais Eorpaigh a chur chun feidhme. | 220 000 |
| **2. An Chomhairle Aireachta** | |
| 2.1. Costais Chruinnithe agus Chomhdhála | 30 400 |
| **3. An Coiste Stiúrtha Réigiúnach** | |
| 3.1. Costais Chruinnithe agus Chomhdhála | 18 560 |
| **4. Coistí Teicniúla** | |
| 4.1. Costais Chruinnithe agus Chomhdhála | 154 800 |
| **5. An Fóram Sóisialta** | |
| 5.1. Costais Chruinnithe agus Chomhdhála | 10 800 |
| **6. An Coiste um an mBuiséad** | |
| 6.1. Costais Chruinnithe agus Chomhdhála | 6 800 |
| **Cúlchiste (thart ar 8 % de na creidmheasanna nua)** | 142 957 |
| **Iomlán na gcreidmheasanna nua** | **2 859 158** |
| **Cúlchiste buiséid (thart ar 5 %):** | **142 957** |

| | |
|---|---|
| **Móriomlán** | **3 002 105**[1] |
| | |
| Ranníocaíocht ón Aontas Eorpach (80 % de na creidmheasanna nua) | 2 401 684 |
| Ranníocaíocht ó Pháirtithe Oirdheisceart na hEorpa (20 % de na creidmheasanna nua: In Iarscríbhinn V a ghabhann le TCT gheofar an dáileadh in aghaidh gach tíre) | 600 421 |

[1] Méid táscach, an méid deiridh le deimhniú nuair a bheidh an méid iomlán a tugadh ar aghaidh ó 2020 ar eolas